Ag iarraidh oibriú linn? Táimid ag lorg saineolaithe

GSA/PR/21/05 Prág, 26 Márta 2021

Tá an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA) ar lorg saineolaithe chun tacú leis an nGníomhaireacht agus comhairle a thabhairt di maidir le hiarratais ar mhaoiniú AE a mheas, lena n-áirítear tairiscintí, deontais agus duaiseanna, agus faireachán a dhéanamh ar thionscadail agus ar chonarthaí a fhaigheann maoiniú ón AE, i measc nithe eile. Chun tuilleadh eolais a fháil agus chun an glao a íoslódáil, cliceáil anseo.

Sa ghlao seo, tá an GSA ag lorg daoine a bhfuil ardleibhéal saineolais agus taithí ghairmiúil acu ar theicneolaíochtaí agus innealtóireacht aeraspáis, chomh maith le feidhmiúcháin spáis in iompar, talmhaíocht agus bia, an comhshaol agus athrú aeráide agus fuinneamh. I measc réimsí eile spéise tá an tsochaí faisnéise, nuálaíocht agus fás i bhfeidhmeanna spáis, sábháilteacht agus slándáil, anailís eacnamaíoch agus fiontraíocht, cumarsáid agus margaíocht, cáilíocht, dearbhú táirge agus slándála, bainistiú cumraíochta agus dlí.

Cuir isteach d'iarratas

Tá an glao dírithe ar dhaoine aonair ar saoránaigh de Bhallstát den AE, den Eilvéis nó den Iorua iad. Níl eintitis dhlíthiúla incháilithe de ghnáth le hiarratas a dhéanamh. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara léiriú spéise a chur isteach chuig: callforexperts@gsa.europa.eu ;

- Féach an glao ar thogra maidir leis na doiciméid atá le cur isteach.

Bunaithe ar na léirithe spéise a fuarthas, cuirfidh an GSA liosta saineolaithe leasmhara ar bun. De réir mar is gá agus nuair is gá, bainfidh an GSA úsáid as an liosta agus sannfaidh sé conradh don saineolaí is oiriúnaí don tasc atá le comhlíonadh.

Liosta bailí go ceann 5 bliana

Féadfar tascanna a dhéanamh ag áitreabh an GSA nó, ar iarratas ón GSA, go cianda trí úsáid a bhaint as uirlisí cumarsáide leictreonacha. B'fhéidir go mbeadh gá ann tascanna a chur i gcrích ag láithreáin eile freisin, atá le sonrú sna conarthaí.

Beidh an liosta a bheidh ann mar thoradh ar an nglao seo bailí go ceann cúig bliana tar éis fhoilsiú an ghlao ar leathanach gréasáin GSA. Féadfaidh páirtithe leasmhara léiriú spéise a chur isteach tráth ar bith roimh na trí mhí dheireanacha de bhailíocht an liosta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, cliceáil anseo.

Maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA)

Mar Ghníomhaireacht Rialála oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh, déanann an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS (GSA) leasanna poiblí a bhaineann le cláir Eorpacha GNSS a bhainistiú. Is é misean an GSA tacú le cuspóirí an Aontais Eorpaigh agus an toradh is airde ar infheistíocht GNSS Eorpach a bhaint amach, maidir le tairbhí d'úsáideoirí agus le fás eacnamaíoch agus iomaíochas. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig suíomh gréasáin GSA.

Tuilleadh faisnéise:

Cristina Comunian

Oifigeach Cumarsáide GSA
Cristina.COMUNIAN@gsa.europa.eu
Teil. +420 234 766 780
Fón póca: +420 778 537 344

Marie Ménard

Oifigeach Cumarsáide GSA
Marie.Menard@gsa.europa.eu
Teil. +420 237 766 627
Fón póca: +420 602 619 776

Tá an fhaisnéis faoi réir Séanta, Fógra Cóipchirt agus Cosaint sonraí pearsanta.